PREASEISIÚINT Uimh. 124/22
Lucsamburg, 14/07/2022

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-128/20 | GSMB Invest, C-134/20 | Volkswagen agus C-145/20 | Porsche Inter Auto agus Volkswagen

# Is feiste sáraithe toirmiscthe iad bogearraí i bhfeithiclí díosail a laghdaíonn éifeachtacht an chórais rialaithe astaíochtaí ag gnáth-theocht agus den an chuid is mó den bhliain

*Ós rud é nach mionfhabht é fabht den sórt sin ar an bhfeithicil, ní eisiatar, i bprionsabal, cealú chonradh díolacháin na feithicle.*

Tá ceannaitheoirí feithiclí Volkswagen atá feistithe le bogearraí a laghdaíonn an t-athshruthú gáis truailleán ón bhfeithicil sin de réir, go háirithe, na teochta a bhraitear, ag iarraidh, os comhair chúirteanna na hOstaire, go ndéanfaí a gconarthaí díolacháin a tugadh i gcrích idir 2011 agus 2013 a chealú.

De réir an méid atá curtha in iúl ag na Cúirteanna seo, ní áirithíonn na bogearraí seo comhlíonadh na luachanna teorantacha ag leibhéal an Aontais maidir le hastaíochtaí ocsaíde nítrigine (NOx) ach amháin i gcás go bhfuil an teocht sheachtrach idir 15 agus 33 chéim Celsius (an "fhuinneog theochta"). Lasmuigh den fhuinneog seo, laghdaítear an ráta athshruthaithe gáis sceite (EGR) go líneach go 0, rud a fhágann go sáraítear na luachanna teorantacha.

Tá an fhuinneog theochta seo mar thoradh ar nuashonrú bogearraí a rinne Volkswagen ar na feithiclí i dtrácht, a bhí le cur in ionad bogearraí a bhí toirmiscthe faoi dhlí an Aontais. D'údaraigh Oifig Chónaidhme um Thrácht Mótarfheithiclí na Gearmáine an nuashonrú seo, tar éis di a chinneadh nach raibh feiste sháraithe thoirmiscthe ann.

Rinne Cúirt Uachtarach na hOstaire, Cúirt Réigiúnach Eisenstadt agus Cúirt Réigiúnach Klagenfurt roinnt ceisteanna a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais maidir le dlíthiúlacht fuinneoige teochta den sórt sin agus maidir le cearta féideartha ceannaitheoirí, sa mhéid gur tomhaltóirí iad, faoin reachtaíocht Eorpach a bhí i bhfeidhm ag an am.

I mbreithiúnais an lae inniu, cinneann an Chúirt **gur feiste sháraithe de réir bhrí Airteagal 5, mír 2 de Rialachán Uimh. 715/2007[1] í feiste lena n-áirithítear go gcomhlíontar na luachanna teorantacha astaíochtaí ocsaíde nítrigine (NOx) atá leagtha síos sa Rialachán sin laistigh den fhuinneog theochta amháin**.

Cuireann an Chúirt in iúl, ina leith sin, ar an gcéad dul síos, go bhfuil teocht chomhthimpeallach atá faoi bhun 15 chéim Celsius de chineál gnách i gcríoch an Aontais Eorpaigh. (Thairis sin nach mór na luachanna teorantacha astaíochta a chomhlíonadh nuair a bhíonn na teochtaí i bhfad faoi bhun 15 chéim Celsius. Dá réir sin, laghdaíonn bogearraí, amhail na bogearraí atá i gceist sna príomhimeachtaí, éifeachtacht an chórais rialaithe astaíochtaí faoi ghnáthchoinníollacha úsáide na bhfeithiclí.

[1] Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2007 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí (IO L 171 .2007, lch. 1).

Ní chiallaíonn an fíoras go gcuireann an fheiste seo le caomhnú comhpháirteanna amhail an chomhla AGS, an malartóir AGS agus an scagaire cáithníneach díosail go bhfuil sí dleathach dá bharr sin amháin.

**D'fhéadfadh sí a bheith dleathach ar bhealach eile dá gcruthófaí go bhfreagraíonn an fheiste sin go docht don ghá atá le seachaint na rioscaí láithreacha de dhamáiste nó de thionóiscí don inneall,** a eascraíonn as mífheidhmiú comhpháirte den chóras athshruthaithe gáis sceite, **atá chomh tromchúiseach go gcruthófar contúirt nithiúil agus an fheithicil atá feistithe leis an bhfeiste sin á tiomáint.** Níl "gá" den sórt sin ann ach amháin, tráth chineálcheadú CE na feiste sin nó na feithicle atá feistithe léi, nach bhfuil aon réiteach teicniúil eile ar fáil ar mhaithe le seachaint na rioscaí sin. **Is faoi na cúirteanna a rinne an tarchur atá sé a fháil amach an amhlaidh atá an cás maidir leis an bhfeiste sháraithe a bhfuil na feithiclí i gceist feistithe léi.** Mar sin féin, cuireann an Chúirt in iúl sa chomhthéacs seo nach féidir údar a thabhairt d'fheistiú na feiste sáraithe leis an t-aon chuspóir amháin go mbeadh an t-inneall á chosaint ar shalú agus ar aosú[2].

Ar aon chuma, fiú amháin dá mbeadh ann don ghá a thuairiscítear thuas, **bheadh cosc ar an bhfeiste sháraithe dá n-oibreodh sé, faoi ghnáthchoinníollacha tiomána den chuid is mó den bhliain.** Go deimhin, dá bhféadfaí feiste den sórt sin a cheadú d'fhéadfaí go mbeadh prionsabal an toirmisc á chur i bhfeidhm níos lú, go praiticiúil, ná an eisceacht sin agus, go mbeadh sárú díréireach ar an bprionsabal maidir le teorannú astaíochtaí ocsaíde nítrigine (NOx) ó fheithiclí mar thoradh air.

Dearbhaíonn an Chúirt freisin nach bhfuil sé ábhartha go ndearnadh feiste sáraithe a shuiteáil tar éis feithicil a chur i seirbhís chun a chinneadh an bhfuil cosc ar úsáid na feiste sin.

**Maidir le cearta tomhaltóirí nuair a cheannaigh siad earraí nach gcomhlíonann an conradh**, foráladh sa reachtaíocht Eorpach a bhí i bhfeidhm ag an am, eadhon Treoir 1999/44 [3], go dlitear don tomhaltóir a cheangal ar an díoltóir an t-earra a dheisiú nó a athsholáthar, fad is nach bhfuil a leithéid dodhéanta nó díréireach. Is sa chás nach ndlitear don tomhaltóir go ndéanfar an t-earra a dheisiú nó a athsholáthar nó nach gcuireann an díoltóir ceann de na leigheasanna sin i bhfeidhm laistigh de thréimhse réasúnta ama nó gan trioblóid mhór a chur ar an tomhaltóir leis a d'fhéadfadh sé laghdú iomchuí ar phraghas a éileamh nó a cheangal go ndéanfar an conradh a chealú. Ní cheadaítear an cealú mar sin féin más mioneaspa comhréireachta atá i gceist leis an earra.

**Cinneann an Chúirt i ndáil leis sin nach léiríonn mótarfheithicil an cháilíocht is iondúil in earraí den chineál céanna lena bhféadfadh an tomhaltóir a bheith ag súil go réasúnta agus dá bhrí sin nach bhfuil sí i gcomhréir leis an gconradh más rud é, cé go bhfuil cineálcheadú CE bailí aici agus go bhféadfaí, dá bhrí sin, í a úsáid ar an mbóthar, go bhfuil sí feistithe le feiste sháraithe.**

Ina theannta sin, **ní fhéadfaí caitheamh le heaspa comhréireachta mar "mhioneaspa" comhréireachta**, dá gceannódh an tomhaltóir, fiú dá mba rud é gurbh eol dó gurbh ann don fheiste agus dá feidhmiú, an fheithicil ar aon nós. Dá bhrí sin, ní eisiatar, i bprionsabal, cealú chonradh díolacháin na feithicle.

**MEABHRÚ:** Ligtear le tarchur chun réamhrialú do chúirteanna agus do bhinsí na mBallstát, i ndíospóidí a gcuirtear faoina mbráid, ceisteanna a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais faoi léirmhíniú dhlí an Aontais Eorpaigh nó faoi bhailíocht gnímh de chuid an Aontais Eorpaigh. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid í féin. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta an cás a dhiúscairt de réir chinneadh na Cúirte, atá ceangailteach ar an gcaoi chéanna le cúirteanna nó binsí náisiúnta eile ina n-ardaítear saincheist den chineál céanna os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

[2] Féach chuige sin, breithiúnas an 17 Nollaig 2020, *CLCV agus páirtithe eile (Feiste sháraithe díosail)*, C-693/18 (féach PE n° 170/20).

[3] Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 1999 maidir le gnéithe áirithe de dhíolachán earraí tomhaltóra agus na ráthaíochtaí gaolmhara (IO L 171, 1999, lch. 12).

Foilsítear téacs iomlán na mbreithiúnais (C-128/20, C-134/20 agus C-145/20) ar shuíomh gréasáin CURIA ar lá an fógartha.

Teagmháil phreasa: Amanda Nouvel ✆ (+352) 4303 2524

Is féidir íomhánna d'fhógairt an bhreithiúnais a fháil ó "Europe by Satellite' ✆ (+32) 2 2964106

**Bígí nasctha!**